**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
**Department of Education and Science**

**Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge**
**TUAIRISC**

**Coláiste Dháibhéid,**
**Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo**

**Uimhir Rolla: 76060U**

**Dáta na cigireachta: 18 Samhain 2008**

-


[Tuairisc Chigireacht ábhair](#)
[Soláthar an ábhair agus tacaíocht na scoile uile](#)
[Pleanáil agus ullmhúchán](#)
[Teagasc agus foghlaim](#)
[Measúnú](#)
[Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí](#)


## TUAIRISC AR CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

### TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i gColáiste Dháibhéid, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar dhá lá inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide, phríomhoide tánaisteach agus do na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

### SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Tá riar fabhrach tugtha do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa mhéid is go gcinntítear teagmháil laethúil leis an sprioctheanga a bheith ag daltaí sinsearacha agus ceithre thréimhse ag scoláirí sóisearacha go seachtainiúil. Ní i gcónaí a bhíonn an soláthar sóisearach amhlaidh agus moltar gach iarracht a dhéanamh ionchur laethúil a chur ar fáil do theagasc na Gaeilge sa tríú bliain ach go háirithe, faoi mar atá ann do na croí ábhair eile.

Is de réir cumais mheasctha a dháilítear scoláirí na chéad bhliaina. Déantar sruthú ar na scoláirí ag deireadh na chéad bhliana bunaithe ar scrúdú comónta. Eagraítear bliainghrúpaí eile na scoile de réir leibhéil sna scrúduithe Stáit. Tá na ranganna ar siúl go comhuaineach ón dara bliain ar aghaidh go dtí rang na hArdteistiméireachta. I mbliana tá dhá ghrúpa ag déanamh chlár na hIdirbhliana agus iad roinnte, a mhórán nó a bheagán, de réir ardleibhéil agus gnáthléibhéil . Tá sé inmholta athfhéachaint a dhéanamh ar an soláthar seo agus na scoláirí a eagrú i ngrúpaí cumais mheasctha ag teacht le fealsúnacht na hIdirbhliana.

Déanann an bhainistíocht gach iarracht leanúnachas a chinntiú trí na múinteoirí céanna a fhágáil ag na scoláirí le linn timthrialla. Tugtar cead do na scoláirí athrú ó leibhéal go leibhéal ach litir a bheith sínithe ag tuismitheoirí nó caomhnóirí. Tá sé inmholta go bhfuil formhór mór na múinteoirí ag múineadh sa dá thimthriall agus ag na leibhéil éagsúla scrúduithe, cur chuige a fhágann go bhfuil an taithí cuí ag tromlach na roinne an t-ábhar a mhúineadh ón gcéad bhliain ar aghaidh go dtí rang na hArdteistiméireachta.

Áirítear 22% scoláire den mhóriomlán a bhfuil faomhadh tugtha ag an scoil dóibh maidir le díolúine ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94. Tugadh le fios gur scoláirí nach bhfuair a gcuid scolaíochta sa Stát 45% acu agus scoláirí a bhfuil deacrachtaí aitheanta foghlama acu an 55% eile.

Is céimithe Gaeilge iad na múinteoirí atá ag plé le múineadh agus foghlaim na Gaeilge. Tugann an bhainistíocht gach spreagadh agus taca don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúint gairmiúla leanúnacha. Cuireadh trí lá oiliúna iomlán scoile ar fáil i mí Eanáir na bliana seo ar úsáid PowerPoint sa seomra ranga. Is baill de Chomhar na Múinteoirí Gaeilge an fhoireann go léir agus íocann an bhainistíocht as an mballraíocht seo. Ghlac ionadaithe ón bhfoireann páirt i gcúrsaí ionghairme de chuid na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéil (STDL) don Ghaeilge i mbliana agus tá sé beartaithe go mbeidh ionadaithe difriúla ón roinn ag dul chuig na cúrsaí an bhliain seo chugainn. Moltar, mar chuid den phróiseas um phleanáil fhorbartha scoile (PFS), an fhaisnéis óna cúrsaí seo a bheith sa phlean ábhair agus cur agus cúiteamh a dhéanamh ar na moltaí a tugadh chomh maith le haiseolas na múinteoirí féin ar láidreachtaí agus ar laigí na dteicnící bunaithe ar a gcleachtas féin sa seomra ranga. Cuirfidh an plé seo ar mhodheolaíochtaí leis an scagadh atá ar bun sa roinn cheana féin ar acmhainní teagaisc agus foghlama. Cuideoidh an plé le gach múinteoir, múinteoirí nua-cheaptha san áireamh. Tréaslaítear freisin leis na múinteoirí as a gcuid scileanna in úsáid teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) a fhorbairt ag cúrsaí a bhí eagraithe san oíche ag Coiste Gairm Oideachais (CGO), Mhaigh Eo nó a bhí ar fáil san ionad oideachais sa bhaile mór. Cuirtear scéim mheantóireachta ar fáil do mhúinteoirí nua-cheaptha i roinn na Gaeilge. Moltar seifteanna a cheapadh lena chinntiú go bhfaigheann ábhair oidí maraon le múinteoirí nua na deiseanna is mó dul i dtaithí ar an gcleachtas an-mhaith múinteoireachta atá i roinn na Gaeilge cheana féin.

Tá seomraí dá gcuid féin na múinteoirí go léir agus gach tairbhe bainte as an mbuntáiste seo. Tá buiséad ann don teanga agus is suntasach méid na n-acmhainní agus fearais fhoghlama agus teagaisc atá curtha le chéile ag an roinn. Tá fearais TFC forbartha ag na múinteoirí chomh maith agus déantar iad seo a roinnt idir baill na foirne. Tá cartlann míreanna scannán á mbailiú ag bainistíocht na scoile agus beidh fáil saoráideach ag gach roinn sa scoil ar seo. Tuairiscíodh go mbaintear úsáid as an leabharlann mar thaca d'fhoghlaim na Gaeilge agus tá sraith leabhar i roinnt seomraí freisin. Tá ardmholadh ag dul d'fhoireann teagaisc na Gaeilge as an gcomhoibriú proifisiúnta seo agus as a dtionscnamh i soláthar acmhainní agus áiseanna dá scoláirí.

Is suntasach méid na n-imeachtaí comh-churaclaim agus seachchuraclaim a eagraítear chun an teanga a chur chun cinn i measc na scoláirí. Ceiliúrtar Seachtain na Gaeilge sa scoil gach bliain agus cuirtear leis an gceiliúradh iomlán scoile trí himeachtaí éagsúla a chur ar bun ó bhliain go bliain. Mar thoradh ar an athrú a d'fhógraíodh ar na marcanna do scrúdú cainte na Gaeilge san Ardteistiméireacht sa bhliain 2012, faoi mar atá leagtha amach in Imlitir 0042/2007, tá scéimeanna ceaptha ag an roinn teagmháil na ndaltaí leis an nGaeltacht a ardú. Reáchtáiltear cúrsaí lár seachtaine do na bliainghrúpaí nach grúpaí teastais iad agus téann lucht na hIdirbhliana ar chúrsa scannánaíochta de chuid Gael Linn ar feadh seachtaine i nGaeltacht na hEach Léime, i mBéal a' Mhuiréad. Tugadh faoi deara freisin i ndoiciméid na scoile gur cuireadh amach litir chuig tuismitheoirí nó caomhnóirí le sonraithe ar an athrú atá le teacht ar na marcanna don scrúdú cainte. Tá sé inmholta go gcoimeádtar an baile ar an eolas faoi athraithe a bhaineann le hoideachas dá bpáistí. Bronntar scoláireachtaí Gaeltachtaí do na Coláistí Gaeilge a bhíonn ar siúl i gcaitheamh an tsamhraidh freisin i gcomhar le CGO Mhaigh Eo. Tá ardmholadh ag dul do na múinteoirí agus don bhainistíocht as na tionscnaimh seo. Bíonn imeachtaí eile ar siúl ar feadh na bliana chomh maith ina measc, ceol agus rincí Gaelacha, turas chuig amharclann chomh maith le daltaí a spreagadh páirt a ghlacadh i gcomórtais liteartha agus i gcomórtais díospóireachta. Tagann na múinteoirí teanga go léir le chéile chun 'Lá na dTeangacha Idirnáisiúnta' a chomóradh gach bliain. Tá ardmholadh ag dul don scoil eispéireas dearfach don teanga a chothú do phobal iomlán na scoile.

Ba léir ón anailís a rinneadh ar an gclár ama don Ghaeilge nach mór athbhreithniú arís a dhéanamh ar fhad na seachtaine scoile i gcomhthéacs *Am ar Scoil*, imlitir M29/95. Rinneadh an moladh seo cheana i dtuairisc chigireacht ábhair ar an nGearmáinis i mí Bealtaine 2008.

### PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Ba léir óna doiciméid phleanála go bhfuil dul chun cinn an-mhaith déanta ag roinn na Gaeilge i bpróiseas na pleanála don ábhar. Is post-shealbhóir an comheagraí atá ceaptha ar an roinn agus ról soiléir forbartha don phost seo. In ainneoin go ndéantar athscrúdú uile scoile ar na dualgaisí a ghabhann le postanna gach ré bhliain, luaitear mar mholadh ról an chomheagraí a rothlú i measc fhoireann na Gaeilge. De réir a chéile, beidh na scileanna ceannaireachta a ghabhann le ról an chomheagraí ag baill iomláin na foirne.

Tá pleananna do láithriú an churaclaim forbartha ag an roinn ar bhonn fad, meán agus gearr thréimhsigh. Tréaslaítear go láidir leis na múinteoirí as an obair phroifisiúnta seo. B' iad na pleananna meántéarmacha na cinn ab fhearr mar go raibh pleanáil déanta ar na ceithre mhór scil teanga a mhúineadh go téamach thar na gnéithe éagsúla de na cúrsaí. Bhí dindiúirí cuimsitheacha
sonraithe faoi struchtúr na teanga, gníomhaíochtaí agus acmhainní teagaisc agus foghlama chomh maith le modhanna measúnaithe. Tá an cur chuige seo don phleanáil le moladh. Déantar mar mholadh na straitéisí atá forbartha sna pleananna meántréimhseacha a úsáid sna cáipéisí gearrthéarmacha.

Tá sé inmholta go bhfuil an plean Gaeilge fhadthéarmach don Idirbhliain ag teacht le bun chuspóirí na hIdirbhliana faoi mar atá leagtha amach ag an Roinn i *Clár na hIdirbhliana, Treoirlínte do Scoileanna* nó ag [www.slss.ie](http://www.slss.ie) ó thaobh cothú an scil labhartha agus éisteachta, scil na drámaíochta chomh maith le feasacht chultúrtha áitiúil na ndaltaí a ardú. Moltar roinnt de na huirlisí measúnuithe agus athbhreithnithe atá ar suíomh na hIdirbhliana seo a aistriú go Gaeilge. Chuirfeadh an fhorbairt seo le leibhéal na measúnuithe sa teanga agus bheadh deis ag na scoláirí ionchur a bheith acu ar chlár staidéir na Gaeilge don Idirbhliain. Níl an plean gearrthéarmach a cuireadh faoi bhráid an chigire ag teacht leis an bplean fadtréimhseach seo. Cuir i gcás na pleanála do théarma a dó agus a trí ina bhfuil dhá rang as trí rang seachtainiúil dírithe ar thrialacha léamhthuisceana agus ar théacsleabhar Ardteistiméireachta. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gearrthéarmach lena chinntiú go bhfuil na gnéithe molta thuas ar clár staidéar na ndaltaí.

Tá sé de nós ag gach roinn ábhair sa scoil seo tuairisc bhliantúil a sholáthar don bhainistíocht ar dhul chun cinn na roinne. Is inmholta an cleachtas seo agus moltar go ndéanfar láidreachtaí agus laigí na roinne Gaeilge a aithint bunaithe ar an tuairisc seo. Is féidir plean gnímh a dhearadh a chuirfeadh le pleanáil straitéiseach agus athbhreithniú chuimsitheach don todhchaí, faoi mar a tharla le dhá bhliain anuas le forbairt chúrsaí comh agus seachchuraclaim.

Tá sé le moladh go gcasann ionadaithe óna teangacha go léir atá ar churaclam na scoile ar a chéile chun pleanáil chomhoibríoch a dhéanamh d'fhorbairt na dteangacha sa scoil. Reáchtáiltear 'Lá na dTeangacha Idirnáisiúnta' mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an ghrúpa seo. Tá an tionscnamh seo le moladh. Tugann an fóram seo deis modhanna éifeachtacha teagaisc agus foghlama a phlé agus a mhalartú idir na múinteoirí teanga. D'fhéadfadh an fóram seo a úsáid mar mheán chun eispéireas foghlama uile scoile do na teangacha go léir a chothú, forbairt a chabhródh le múinteoirí agus foghlaimeoirí in éindí. Arís moltar don ghrúpa seo a gcuid tosaíochtaí do mhúineadh agus d'fhoghlaim teangacha a imlíniú agus plean gnímh a bhunú ar chéimeanna chun na dtosaíochtaí aitheanta sin a bhaint amach. Ar an gcaoi seo, beidh taighde agus dul chun cinn á dhéanamh ar bhealaí chun modhanna teagaisc agus foghlama a fheabhsú ar bhonn leanúnaigh bunaithe ar riachtanais aitheanta na scoile. Cuir i gcás, tá sé aitheanta ag an ngrúpa seo le tamall anuas a riachtanaí is atá sé straitéisí foghlama foclóra a fhorbairt chun cabhrú le scoláirí. Luaitear mar mholadh múinteoirí a cheapadh ar bhonn uainíochta, de réir mar a bheartaíonn an grúpa féin, chun obair chomhoibríoch an ghrúpa seo a stiúradh. Ba léir óna cáipéisí pleanála agus óna fearais a bhí in úsáid don teagasc agus don fhoghlaim go raibh naisc fiúntacha á chothú idir an Ghaeilge agus teangacha eile maidir le dearadh cluichí teanga ag úsáid TFC. Tá comhoibriú idir roinn an Bhéarla agus roinn na Gaeilge maidir le comhordú a dhéanamh ar thopaicí aistí. Tréaslaítear go láidir le foireann teangacha na scoile as an gcur chuige tras-churaclaim seo. Is inmholta leis an phleanáil mhaith atá déanta ag roinn na Gaeilge i gcothú comhcheangail idir na hábhair difriúla nach teangacha iad.

### TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Bhain ard-chaighdeán leis an bpleanáil ghearrthéarmach a bhí déanta do thromlach na ranganna a chuir go mór le hord agus láithriú seicheamh na gceachtanna. Bhí réimse maith fearais fhoghlama agus teagaisc de thoradh ar obair ullmhúcháin na múinteoirí, ina measc siúd bhí láithriú PowerPoint, bileog oibre, agus ábhar míreanna mearaí chun litir a chumadh. B'éifeachtach an úsáid a bhí déanta as spreagthaí fisiúla sna láithreáin PowerPoint. Tréaslaítear leis na dea-chleachtais seo. Luaitear mar mholadh is ábhar ón idirlíon in úsáid le haghaidh ceachta go gcuirfear ord an ábhair in oiriúint do raon cumais an ghrúpa áirithe sin. Thabharfadh sé seo struchtúr níos fearr don cheacht chomh maith le deis seisiún faisnéisithe a sholáthar roimh dheireadh an ranga.

Ba thairbheach an úsáid a baineadh an roinn as réimse éifeachtach modhanna múinteoireachta in ar éirigh leis na múinteoirí cothromas a fháil idir a n-ionchur féin is gníomhaíochtaí na scoláirí. Chuir an meascán maith d'obair uile ranga agus obair aonair nó obair bheirte go mór le héagsúlacht na gceachtanna. Nuair a bhí na scoláirí gafa leis na tascanna seo ghluais na múinteoirí timpeall ag tabhairt treorach do na daltaí nuair a bhí gá. Cruthaíodh deiseanna do na scoláirí dul i ngleic le hábhar an cheachta i mbealach fiúntach. Cuir i gcás sa cheacht sin inar úsáideadh an cur chuige fadhb réitigh d'fhoghlaim teangacha le míreanna mearaí déanta d'abairtí litreach. Bhí suímh nádúrtha cumarsáideacha sna ranganna sin ina raibh na scoláirí ag cleachtadh a gcuid scileanna labhartha, idir ghinchumais agus ghabhchumais. D'ainneoin obair ghrúpa paiteanta a bheith in úsáid i bhformhór mór na gceachtanna i gcaitheamh na cigireachta, ar mhaithe le luach foghlama na modheolaíochta seo a uasmhéadú déantar ceithre mholadh. I dtosach báire, is fearr i gcónaí mar a éiríonn le hobair ghrúpa nuair a dhéantar sampla-aithris roimh ré. Ní mór am ar leith a aontú don tasc agus ról cinnte a bheith ag gach ball den ghrúpa. Ar deireadh, ní foláir seans a sholáthar do na grúpaí an fhoghlaim a rinneadh ag comhlíonadh an taisc a chur os comhair an ranga go léir. Ar an gcaoi seo, tiocfaidh feabhas ar an gcomhoibriú sa ghrúpa, ar luas agus ar thoradh na hoibre. I ranganna eile baineadh úsáid tairbheach as modh na gceistiúchán chun scoláirí a mhealladh páirt a ghlacadh sa sprioctheanga. Moltar mar theicníc comhroghnach don mhúinteoir ag cur na gceisteanna ar na daltaí go gcuirfear na scoláirí i mbeirteanna chun idirghníomhaíochta idir na daltaí féin a éascú chomh maith. Is inmholta na teicnicí teagaisc agus foghlama seo agus moltar úsáid níos forleithne a bhaint astu i múineadh na siollabas agus na gclár.

Bhí comhtháthú TFC mar shaintréith do na ceachtanna go léir. Tá sé le moladh leis go bhfuil na múinteoirí Gaeilge ag malartú acmhainní TFC ar a chéile. Chuir na hacmhainní le rannpháirtíocht na scoláirí sna ceachtanna agus bhí tionchar dearfach ag na fearais TFC ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. I roinnt ceachtanna rinneadh ceangail an-mhaith idir taithí na ndaltaí féin ar an saol agus ábhar an cheachta a chur le foghlaim domhain na ndaltaí mar go raibh deis acu ábhar an cheachta a inmheánú. I rang filíochta amháin, tugadh dúshlán do na scoláirí trí mheán na gceistiúchán anailís a dhéanamh ar ábhar an dáin agus a míniú féin a bhaint as na focail. Tháinig na scoláirí ar bhrí an dáin ina bhfocail féin in áit leagan simplí a bheith déanta ag an múinteoir ar a son. Tréaslaítear leis na cleachtais seo a chothaíonn foghlaim domhain.

Bhí atmaisféar cairdiúil agus tacúil don fhoghlaim le haireachtáil sna ceachtanna go léir. Bhí cumas riar ranga an-mhaith ag formhór mór na múinteoirí. Bhí ionchais arda foghlama mar shaintréith ag formhór mór na gceachtanna. Bhain na múinteoirí gach uile bhuntáiste as a bheith lonnaithe ina seomraí féin nó a bheith ag úsáid seomra ar leith agus tá ardmholadh ag dul do na múinteoirí atá timpeallacht cruthaithe acu atá spreagúil don fhoghlaim. Ba léir go raibh machnamh déanta ag na múinteoirí ar ábhar na gcairteacha agus na bpóstaeir. Bhí nathanna cainte úsáideacha, póstaeir ar dhánta, ar scéalta próis agus ar na carachtair as an dráma 'An Triail' le Mairéad Ní Ghráda. Déantar mar mholadh an obair mhaith atá ar taispeáint i gceann de na seomraí ranga maidir le 'nathanna úsáideacha' a úsáid mar theimpléad chun an foclóir atá riachtanach do na bliainghrúpaí difriúla páirt a ghlacadh sa sprioctheanga a chur ar fáil dóibh. Bhí roinnt fógraíochta le feiceáil timpeall na scoile freisin. Luaitear mar mholadh go ndéanfar comhcheangal idir dúthracht na foirne Gaeilge agus dea-thoil na bainistíochta ar mhaithe le fógraíocht Ghaeilge a bheith níos buaine in eispéireas teanga na scoláirí.

B' í an Ghaeilge a bhí in úsáid do gach idirbheartaíocht ranga. Chuir na múinteoirí caighdeán na teanga a bhí in úsáid acu in oiriúint do na bliainghrúpaí éagsúla, mar is cuí. Ag tús na scoilbhliana cuirtear liosta ar fáil do mhúinteoirí ar an gcineál riachtanais oideachasúla ar leith atá ag scoláirí.
Tá sé inmholta gur tugadh an t-eolas seo san áireamh in obair phleanála na múinteoirí maraon lena gcleachtas sa seomra ranga.

### MEASÚNÚ

Tréaslaítear leis an scoil as na polasaithe cuimsitheacha atá forbartha don mheasúnú agus don obairbhaile. Tá dréacht pholasaí measúnaithe á fhorbairt ag roinn na Gaeilge, tá sé inmholta go ndéanfadh an roinn forbairt ar chur chuigí don mheasúnú agus don obairbhaile don Ghaeilge bunaithe ar an dá doiciméad uile scoile seo. Déantar mar mholadh ar leith na tagairtí atá déanta sa pholasaí measúnaithe faoi aiseolas forásach ar obair na scoláirí trí scéim mharcála i bhfoirm ráitis amháin a úsáid. Tá tuilleadh eolais ar an measúnú chun foghlama ar shuíomh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie). Bheadh sé tairbheach leis don roinn machnamh a dhéanamh ar an moladh sa pholasaí obairbhaile uile scoile faoi chothromas a thabhairt do na scileanna éagsúla san obairbhaile a thugann múinteoirí.

Ba léir ó shampla randamach de na dialanna go raibh obairbhaile á dtabhairt go rialta. Bhí éagsúlacht thar na scileanna teanga go léir sa tasc a bhí tugtha i ndialanna bliainghrúpaí áirithe. Moltar go láidir an cur chuige comhtháite don obairbhaile agus bheadh sé tairbheach an dea-chleachtas seo a bheith in úsáid ag an bhfoireann ina hiomláine. Uaireanta bhí taifead na hoibrebhaile á dhéanamh i nGaeilge amháin nó go dhátheangach. Tréaslaítear leis na múinteoirí a thapaíonn an deis taifead na hoibrebhaile a úsáid mar fhoinse teagaisc agus foghlama. Léirigh sampla de na cóipleabhair a breathnaíodh orthu le linn na cigireachta go raibh go leor oibre déanta ar raon ábhar a bhí ag gabháil le riachtanais na siollabas. Bhí leanúnachas le feiceáil in obair na gcóipleabhar a thaispeáin leibhéal maith forbartha. Ba léir ón sampla randamach seo go raibh monatóireacht maraon le ceartúcháin fhorásacha á dhéanamh go rialta ag formhór mór na múinteoirí ábhair. Is inmholta an ceartúchán forbarthach rialta seo d'fhoghlaim na scoláirí agus arís luaitear mar mholadh an modh ceartúcháin seo don roinn go léir. Tá sé inmholta go ndéanfadh an roinn machnamh ar luach foghlama na gceartúchán lena chinntiú go mbíonn tionchar dearfach ag próiseas na gceartúchán ar leibhéal inmheánach inspreagtha an fhoghlaimeora.

Tugtar mion scrúduithe do na daltaí go rialta agus coimeádtar cuntais ar thorthaí na scoláirí i ndialann an mhúinteora. Ag deireadh gach téarma eagraítear tástalacha do na ranganna go léir agus seoltar torthaí na scrúduithe seo chuig baile. Faoi Nollaig agus sa samhradh, tugtar scileanna cluastuisceanna san áireamh le scoláirí uile na scoil agus réachtáilítear scrúduithe cainte foirmiúil do dhaltaí ardteistiméireachta. Tugadh scrúduithe cainte do na daltaí a bheidh ag dul faoin scrúdú cainte nua sa bhliain 2012 ó Nollaig 2007 ar aghaidh. Tréaslaítear go láidir leis an gcur chuige seo. Molatar na ceithre mhór scil teanga a chomhtháthú sa tuairisciú a sheoltar abhaile.

### ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

- Tugtar riar an-mhaith do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa scoil ó thaobh an chláir ama de, soláthar áiseanna de agus tacaíocht ghinearálta na bainistíochta i leith cur chun cinn na teanga de.
- Tá obair an-mhaith ar bun sa scoil maidir le próiseas na pleanála fhorbartha scoile (PFS) don Ghaeilge.
- Bhí teicnicí teagaisc agus foghlama an-mhaith in úsáid le linn na cigireachta a thug deis do na foghlaimeoirí a bheith gníomhach i dtógáil a gcuid foghlama féin.
- Tá nósanna imeachta maithe don mheasúnú agus don obairbhaile agus dréacht pholasaí roinne á chur le chéile i láthair na huaire.
- Tá polasaí measúnaithe agus obairbhaile chuimsitheach uile scoile forbartha ag an scoil.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Ní mór féachaint chuige go bhfuil fad na seachtaine scoile ag comhlíonadh na gcoinníollacha go léir atá leagtha amach in imlitir M29/95, *Am ar Scoil*.
- Moltar daltaí na hIdirbhliana a éagrú ar bhonn cumais mheasctha ag teacht le feasúnacht na hIdirbhliana.
- Luaitear mar mholadh plean gnímh a dhearadh chun láidreachtaí agus lagaí na roinne a aitheanachtáil agus pleanáil straitéiseach a dhéanamh chun dul i ngleic leis na dúshlain atá sa scoil do theagasc agus foghlaim na Gaeilge.
- Tá sé inmholta go ndéanfadh an roinn forbairt ar chur chuigí don mheasúnú agus don obairbhaile don Ghaeilge bunaithe ar an dá doiciméad uile scoile agus na moltaí atá thuasluaite, faoin measúnú, a bheith mar chuid den obair seo freisin.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge, leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

*Foilsithe Samhain 2009*